Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Nollaig 2023
(OR. en)

16287/23

LIMITE

UK 230
CYBER 310
COTER 234
COMET 62
CT 191

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Socruithe le haghaidh idirphlé struchtúrtha maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht agus cibear-shaincheisteanna faoin gComhaontú Trádála agus Comhair arna thabhairt i gcrích le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann<br>- Formheas |

1. Tar éis an chruinnithe a bhí ag Coiste na mBuanionadaithe an 26 Aibreán 2023, inar chuir an Coiste sin in iúl go dtacaíonn sé leis an bhfiosrú faoi réimsí breise comhair leis an Ríocht Aontaithe faoin gComhaontú Trádála agus Comhair, phléigh an Chomhairle, an Coimisiún agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála na prionsabail ar cheart a bheith mar threoir sna hagallaimh struchtúrtha dá bhforáiltear faoin gComhaontú Trádála agus Comhair, go háirithe iad siúd a bhaineann le cibear-shaincheisteanna agus leis an bhfrithsceimhlitheoireacht.

2. Ba é an toradh a bhí ar an bplé sin na socruithe atá in 16278/23, a comhaontaíodh ar leibhéal na Meithle um an Ríocht Aontaithe an 6 Nollaig 2023.

3. Foráiltear leis na socruithe don raon feidhme agus do na modhanna oibre comhaontaithe agus do na módúlachtaí praiticiúla don idirphlé leis an Ríocht Aontaithe maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht agus cibear-shaincheisteanna, trí thagairt a dhéanamh do na módúlachtaí a bhunaítear in Airteagal 2(2) de Chinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair[1] i ndáil leis na comhchomhlachtaí a chuireann TCA chun feidhme. Tugtar aghaidh sna socruithe freisin ar láithreacht na mBallstát san idirphlé sin.

PUBLIC

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

– a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs na socruithe thuasluaite mar a leagtar amach in 16278/23 é; agus

– a mholadh don Chomhairle na socruithe mar a leagtar amach in 16278/23 iad a fhormheas thar a ceann.

---

[1] Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe (IO L 149, 30.4.2021, lch. 2).